



# Comhaontú maidir le hÁitreabh Scoile a thógáil ar cíós

Gaelscoil **XXXXXXXX**

# Comhaontú maidir le hÁitreabh Scoile a thógáil ar cíós

## Gaelscoil XXXXX

Tá úsáid an fhoirgnimh scoile ag grúpaí seachtracha ag brath ar chomhlíonadh na dtreoracha seo a leanas agus ar chead an Bhoird Bhainistíochta:

1. Ní mór polasaí um chosaint leanaí a chur ar fáil nuair a bhíonn leanaí páirteach sa seirbhís (is cuma más daltaí scoile iad).
2. Ní mór cóip de nochtadh na dteagascóirí/múinteoirí maidir le Ríomhfhiosrú na nGardaí a sholáthar don scoil sula dtosóidh an tseirbhís. Éascóidh An Foras Pátrúnachta ([www.foras.ie](http://www.foras.ie)) an tseirbhís ríomhfhiosraithe seo. Tabhair faoi deara nach féidir glacadh le nochtadh ó eagraíochtaí eile mura bhfuil comhaontú dlíthiúil idir an AFP agus an eagraíocht sin.
3. Caithfidh nádúr na seirbhíse teacht le haidhmeanna ginearálta oideachais agus/nó éiteas na scoile.
4. Caithfidh an caighdeán maidir le heagrú na seirbhíse, cúram leanaí, smacht agus teagasc (nuair a bhaineann sé) a bheith ag teacht le caighdeáin ghairmiúla na scoile.
5. Tá an múinteoir/teagascóir atá i láthair thar ceann an ghrúpa/duine aonair freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar pháistí a fhreastalaíonn ar ghníomhaíochtaí seach-churaclaim. Áirítear leis seo maoirsiú agus cúram na ndaltaí atá ag fanacht roimh ré agus ag fanacht le bheith bailithe ina dhiaidh sin.
6. Tá freagracht ar an ngrúpa/duine aonair maidir le cumarsáid a dhéanamh faoi:
  - a. Dátaí agus amanna tosaigh/críochnaithe
  - b. Cealuithe, athsceidealú etc
  - c. Ba cheart uimhir ghutháin a sholáthar dóibh siúd a bhaineann leas as an tseirbhís
7. Tá an múinteoir/eagraí atá i láthair thar ceann an ghrúpa/duine aonair freagrach as:
  - A chinntiú nach mbeidh caitheamh tobac, aon alcól ná peataí ar shuíomh na scoile
  - Aon damáiste do mhaoín nó d'áiseanna a thuairisciú agus a dheisiú
  - Soilse a mhúchadh ar fhágáil na scoile
  - Trealamh agus troscán a thabhairt ar ais go dtí an pointe stórála ceart
  - Troscán a atheagrú, nuair is gá
  - Aon ghlanadh le déanamh

8. Íoctar an cíós comhaontaithe isteach i **gcuntas bainc na scoile, ar bhonn míosúil tráth nach déanaí ná an lá deiridh den mhí.**

**Is é an ráta uaire ná €X in aghaidh na huaire agus €X ar chuid de.** Ba chóir an íocaíocht a dhéanamh le **cuntas bainc na scoile, gan airgead tirim nó seiceanna.**

**Tá táille breise de €X le cur leis an gcíós chun an scoil a oscailt agus a dhúnadh gach lá úsáide.**

D'fhéadfaí socruithe airgeadais eile a aontú más cuí leis an mBord Bainistíochta.

9. Coimeádann an scoil an ceart an halla/seomra a úsáid ag am ar bith dá cúis féin, más gá. Coimeádann an scoil an ceart freisin deireadh a chur leis an gcomhaontú seo ag aon am ar chúis ar bith.

10. Baineann an comhaontú seo **le halla na scoile agus na seomraí folctha a bhfuil rochtain orthu trí halla na scoile** a fháil ar cíos. Níl aon chuid eile den scoil le húsáid nó le cuairt a thabhairt orthu siúd a ligfidh an halla ar cíos nó iad siúd atá ag freastal ar na himeachtaí sin.

11. Déanfaidh an Bord Bainistíochta athbhreithniú go tréimhsiúil ar an gcomhaontú seo.

12. Coimeádann an Bord Bainistíochta an ceart deireadh a chur leis an gcomhaontú cíosa le héifeacht láithreach sa chás go meastar nach bhfuil an eagraíocht/grúpa a fhostaíonn halla/áiseanna na scoile ag cloí le polasaí an Bhoird Bhainistíochta.

13. Tá a bpolasaí árachais féin ag an duine aonair nó ag an ngrúpa atá chun dáta agus go bhfuil Árachas Dliteanais Phoiblí nach lú ná €2.6m ag an bpolasaí. Tá cóip den pholasaí árachais le cur ar fáil don scoil.

14. Tá Deimhniú Imreitigh Cánach le soláthar don Bhord.

Ar son \_\_\_\_\_, tá an comhaontú seo léite agam agus glacaim leis na coinníollacha ar fad.

Is mian linn áitreabh na scoile a thógáil ar cíos ó \_\_\_\_\_ go \_\_\_\_\_  
(amanna) gach \_\_\_\_\_ (lá/laethanta).

Ainm an duine/na heagraíochta: \_\_\_\_\_

Teagmhálaí: \_\_\_\_\_

Seoladh: \_\_\_\_\_

Uimhir Ghutháin: \_\_\_\_\_

Rphost: \_\_\_\_\_

Sínithe ar son an ghrúpa: \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_

Cathaoirleach, BB: \_\_\_\_\_ Dáta \_\_\_\_\_